Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12854/25**

**LIMITE**

**CORLX 889**
**CFSP/PESC 1333**
**MAMA 208**
**MOG 106**
**CONOP 53**
**FIN 1072**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ón gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1544 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ón gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1544 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1544[1].

(2) Beidh feidhm ag na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2018/1544 go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2025. Ar bhonn athbhreithniú ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2018/1544, ba cheart síneadh a chur, go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2026, leis na bearta a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 den Chinneadh sin a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis, agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2018/1544 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Cinneadh (CBES) 2018/1544 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach (IO L 259, 16.10.2018, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/1544/oj).

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2018/1544.

'1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2026. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCinneadh seo.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC